Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4111

26.6.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11561 — PLD / NBIM / SEHNDE ASSET / ROSSTAL ASSET)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/4111)

1. An 19 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Prologis, L.P. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— NBIM Nerva S. à r.l. (An Iorua),

— na spriocshócmhainní ina bhfuil dhá réadmhaoin: Sócmhainn Sehnde agus Sócmhainn Rosstal ('Sehne Asset' agus 'Rosstal Asset', an Ghearmáin),

Gheobhaidh Prologis, L.P. agus NBIM Nerva S. à r.l. rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sehnde Asset agus Rosstal Asset ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá réadmhaoin faoi úinéireacht Prologis, L.P., agus déanann sé an réadmhaoin sin a oibriú agus a fhorbairt, chun críoch tionsclaíoch go príomha, i Meiriceá, san Eoraip agus san Áis.

— Baineann gníomhaíochtaí gnó NBIM Nerva S. à r.l. le hinfheistíocht institiúideach le haghaidh an Government Pension Fund Global ('GPFP'), trína ndírítear ar infheistíochtaí domhanda lena n-áirítear infheistíocht réadmhaoine i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus sa tSeapáin, agus is cuid dá bhainistiú ar GPFG thar ceann Aireacht Airgeadais na hIorua é a infheistíocht in PELP.

— is éard atá sna spriocshócmhainní réadmhaoin lóistíochta atá lonnaithe sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11561 — PLD / NBIM / SEHNDE ASSET / ROSSTAL ASSET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË